# Cé atá de dhíth oraibh?




1. Cad iad na scileanna a bheidh de dhíth ar d'fhoireann?

2. Má tá rud éigin ar iarraidh, cé a bheidh ábalta cuidiú libh?

3. Cé a bheidh ina réiteoir nó a choinneoidh súil ar an chlog?

4. Cad é mar a thig libh a bheith ag obair le chéile, fiú nuair nach bhfuil sibh ar aon intinn lena chéile?


5. An obair beirte í seo? Cá mhéad duine a bheidh de dhíth?



# Leat féin nó le duine eile?




1. Cé leis ar mhaith liom a bheith ag obair?
2. Cé leis ar chóir dom a bheith ag obair?
3. Cad chuige a mbeadh an duine sin ag iarraidh a bheith ag obair liomsa?
4. Cé leis nár oibrigh mé riamh?
5. Cé hiad na saineolaithe?



# Cén ról a bheidh ag gach duine?



1. Cén ról a bheidh ag gach duine i d'fhoireann. An ndéanfaidh sibh róil a mhalartú?
2. Cén ról atá agat féin sa tasc?
3. Cad é a chuireann tú leis an fhoireann?
4. Cad é atá doiligh maidir le gach ról?
5. Cad é atá i gceist le ceannaire maith foirne? Ar chóir daoibh sealaíocht a dhéanamh le go mbeidh deis ag gach duine a bheith i gceannas?



# Cad é mar a thig linn comhaontú a bhaint amach?




1. Má tá smaointe éagsúla i do ghrúpa, cad é mar a shocróidh sibh ar cé acu smaoineamh atá ceart?

2. Má tá daoine ag easaontú, cad é mar a thig libh teacht ar chomhaontú?

3. An mbeadh sé ina chuidiú vótaí a chaitheamh?

4. An gcaithfidh gach duine an rud céanna a dhéanamh? Cad chuige?


5. Cad é mar a fhanann tú stuama agus daoine eile ag easaontú leat?



# Go raibh maith agat as do chuidiú!




1. Cé air a dtig leat cuidiú a iarraidh?
2. Cad é mar a bhíonn a fhios agat go bhfuil cuidiú de dhíth ort?
3. Cad é mar mhothaíonn tú nuair a thugann daoine eile faoi deara go bhfuil meancóg déanta agat?
4. Má thugann tú féin faoi deara go bhfuil meancóg déanta ag duine eile, cad é mar a thig leat sin a chur in iúl dó/di gan goilleadh air/uirthi?
5. Cá huair is fearr leat a bheith ag obair i bhfoireann agus cá huair is fearr leat rudaí a dhéanamh as do stuaim féin? Cad chuige?



# Cad é ba chóir dom a dhéanamh?




1. Cad é mar a thig liom cuidiú?
2. Cad é mar a chuidigh mé leis an obair?
3. Cad é a shíleann na daoine eile sa ghrúpa faoi mo chuid oibre?
4. Cén chuid den obair is mó a thaitníonn liom féin?
5. An chuid den obair atá ar bun agam féin, an bhfuil sí ag teacht le hobair na ndaoine eile?



# An ndearna tú do sciar féin?




1. Cad é ba chóir duit a dhéanamh sa dóigh is nach mbeifeá díomhaoin agus ag amharc ar dhaoine eile i mbun oibre?
2. Cad é a thaitníonn leat maidir le bheith i gceannas?
3. Más rud é nach ndearna tú mórán, cad é mar a mhothaíonn tú faoi seo?
4. Cad é a shíl tú faoin obair a rinne na daoine a bhí i gceannas?
5. Cad é a thiocfadh leat a dhéanamh ar dhóigh eile le toradh níos fearr a fháil?



# Cé air a bhfuil sé dírithe?




1. Cé a fheicfidh do chuid oibre agus cad é a shílfidh siad?
2. Cé dó a dtiocfadh leat í a thaispeáint leis seo a fháil amach?
3. Cad iad na ceisteanna ba chóir dom a chur lena chinntiú go bhfuil ag éirí leis an obair?
4. Cá huair agus cé chomh minic ba chóir dom í a sheiceáil?
5. Cad é mar a thig liom a chinntiú go mbeidh an obair seo ina cuidiú ag na daoine a bheidh á húsáid?



# An mbímid ag obair mar fhoireann?



1. Cad é a fhágann go mbíonn an fhoireann ag obair go maith le chéile?
2. Cad é mar a mhothaíonn sé nuair a bhíonn an fhoireann ag obair go maith le chéile?
3. Cad é mar a thig leat cothrom na Féinne a thabhairt do na daoine eile san fhoireann?
4. An bhfuil rud ar bith ann atá níos fusa a oibriú amach i ngrúpa?
5. Cad é a dhéanann tú féin le cuidiú leis an ghrúpa?



# Ar fágadh duine ar bith ar lár?



1. Cé hé an duine is fearr don tasc?
2. An bhfuil a sciar féin á dhéanamh ag gach duine?
3. An raibh seal ag gach duine?
4. An é seo an t-am le ligean do dhuine eile seal a bheith aige/aici?
5. Cad é mar a deir tú le duine go bhfuil sé in am dó/di seans a thabhairt don chéad duine eile?

